II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/421 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Márta 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 272/2009 ([2]) ón gCoimisiún forlíontar na bunchaighdeáin chomhchoiteanna maidir le slándáil na heitlíochta sibhialta a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008.

(2) Cuirtear de chúram ar an gCoimisiún faoi Rialachán (CE) Uimh. 272/2009 coibhéis caighdeán slándála tríú tíortha a aithint, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún ([3]) na tríú tíortha atá aitheanta mar thíortha a chuireann caighdeáin slándála i bhfeidhm atá coibhéiseach leis na bunchaighdeáin chomhchoiteanna.

(4) D'fhíoraigh an Coimisiún go gcomhlíonann Poblacht na Seirbia, maidir le hAerfort Nikola Tesla Bhéalgrád, na critéir a leagtar amach i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 272/2009, maidir leis an mbraitheoireacht ar phaisinéirí agus ar bhagáiste cábáin, agus leis an mbraitheoireacht ar bhagáiste boilg, ar lasta agus ar phost agus le slándáil na n-aerárthaí.

(5) D'fhíoraigh an Coimisiún go gcomhlíonann Stát Iosrael, maidir le hAerfort Idirnáisiúnta Ben Gurion, na critéir a leagtar amach i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 272/2009, maidir le slándáil na n-aerárthaí agus leis an mbraitheoireacht ar phaisinéirí agus ar bhagáiste cábáin.

([1]) IO L 97, 9.4.2008, lch. 72.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 272/2009 ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2009 lena bhforlíontar na bunchaighdeáin chomhchoiteanna maidir le slándáil na heitlíochta sibhialta a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 91, 3.4.2009, lch. 7).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta (IO L 299, 14.11.2015, lch. 1).

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/111 ón gCoimisiún ([4]) lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 ón gCoimisiún, cuireadh Poblacht na Seirbia, maidir le hAerfort Nikola Tesla Bhéalgrád, agus Stát Iosrael, maidir le hAerfort Idirnáisiúnta Ben Gurion, san áireamh sna Ceangaltáin ábhartha ina liostaítear tríú tíortha atá aitheanta mar thíortha a chuireann caighdeáin slándála i bhfeidhm atá coibhéiseach leis na bunchaighdeáin chomhchoiteanna.

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/413 ón gCoimisiún ([5]) lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 aithníodh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann mar thír a chuireann caighdeáin slándála i bhfeidhm atá coibhéiseach leis na bunchaighdeáin chomhchoiteanna. San iarscríbhinn atá ag gabháil leis an Rialachán sin, rinneadh, *inter alia*, Ceangaltáin nua inar luadh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a chur in ionad inneachar uile Cheangaltáin 3-B, 4-B, 5-A agus 6-F.

(8) Leagadh síos le hAirteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/413 ón gCoimisiún dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin, mar atá, an dáta tar éis an dáta ar a dtiocfadh deireadh le feidhm na gConarthaí ar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus laistigh de Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann de bhun Airteagal 50(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Toisc na moille a d'fhág gur cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/413 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021, ón lá sin rinne ceangaltáin ionad Cheangaltáin 3-B, 4-B, 5-A agus 6-F agus liostaí iontu nach bhfuil ar aon dul leis na modhnuithe a rinneadh tar éis ghlacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/413, eadhon na modhnuithe a tugadh isteach trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/111.

(9) Dá bhrí sin, is gá, maidir le liostaí na dtríú tíortha atá aitheanta mar thíortha a chuireann caighdeáin slándála i bhfeidhm atá coibhéiseach leis na bunchaighdeáin chomhchoiteanna, na liostaí cearta a athbhunú trí na tríú tíortha sin a bhí curtha leo le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/111 a chur leo.

(10) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/255 ón gCoimisiún ([6]) lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998, tugadh treochlár nua isteach maidir le suiteáil trealaimh córas braite pléascán (EDS) de chaighdeán 3 a chur i gcrích de réir a chéile le haghaidh braitheoireacht ar an mbagáiste boilg sna haerfoirt Eorpacha, agus cuireadh an tsolúbthacht ba ghá de thairbhe phaindéim COVID-19 san áireamh. Agus an treochlár sin á tharraingt suas, níor tugadh solúbthacht bhreise den sórt sin ón 1 Meán Fómhair 2021, trí bhotún, d'oibreoirí a úsáideann trealamh EDS de chaighdeán 2 fós chun braitheoireacht a dhéanamh ar lasta agus ar phost. Ba cheart an rogha a thabhairt do na húdaráis iomchuí fadú réasúnta ar úsáid EDS de chaighdeán 2 a cheadú i gcás na n-oibreoirí a dhéanann braitheoireacht ar lasta agus ar phost freisin.

(11) Is léir ón taithí a fuarthas agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 á chur chun feidhme gur gá roinnt leasuithe ar mhódúlachtaí cur chun feidhme bunchaighdeán comhchoiteann áirithe, faoi seach, i réimse bailíochtóirí slándála eitlíochta de chuid an Aontais agus i réimse an deiridh atá le cur, de réir a chéile, le trealamh x-gha aon-amhairc. Is gá na forálacha lena mbaineann san Iarscríbhinn a choigeartú d'fhonn an tsoiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú, an léirmhíniú coiteann ar an reachtaíocht a chaighdeánú agus feabhas chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann i réimse shlándáil na heitlíochta a áirithiú a thuilleadh.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 a leasú dá réir.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008,

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/111 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 a mhéid a bhaineann formheas trealaimh shlándála eitlíochta sibhialta chomh maith le tríú tíortha atá aitheanta mar thíortha a chuireann caighdeáin slándála i bhfeidhm atá coibhéiseach leis na bunchaighdeáin chomhchoiteanna maidir le slándáil na heitlíochta sibhialta (IO L 21, 27.1.2020, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/413 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 a mhéid a bhaineann le tríú tíortha atá aitheanta mar thíortha a chuireann caighdeáin slándála i bhfeidhm atá coibhéiseach leis na caighdeáin bhunúsacha chomhchoiteanna maidir le slándáil eitlíochta sibhialta (IO L 73, 15.3.2019, lch. 98).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/255 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 lena leagtar síos bearta mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir le slándáil eitlíochta (IO L 58, 19.2.2021, lch. 23).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(1) leasaítear an liosta i gCeangaltán 3-B a ghabhann le Caibidil 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le Montainéagró:

"Poblacht na Seirbia, maidir le hAerfort Nikola Tesla Bhéalgrád";

(b) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le Poblacht Shingeapór, maidir le hAerfort Shingeapór Changi:

"Stát Iosrael, maidir le hAerfort Idirnáisiúnta Ben Gurion";

(2) leasaítear an liosta i gCeangaltán 4-B a ghabhann le Caibidil 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le Montainéagró:

"Poblacht na Seirbia, maidir le hAerfort Nikola Tesla Bhéalgrád";

(b) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le Poblacht Shingeapór, maidir le hAerfort Shingeapór Changi:

"Stát Iosrael, maidir le hAerfort Idirnáisiúnta Ben Gurion";

(3) sa liosta i gCeangaltán 5-A a ghabhann le Caibidil 5, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála Montainéagró:

"Poblacht na Seirbia, maidir le hAerfort Nikola Tesla Bhéalgrád";

(4) i liosta 6-Fi i gCeangaltán 6-F a ghabhann le Caibidil 6, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála Montainéagró:

"Poblacht na Seirbia";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad litir (c) i bpointe 11.6.4.1:

"(c) ní fhéadfaidh sé bailíochtuithe slándála eitlíochta de chuid an Aontais a dhéanamh má tá stádas bailíochtóra slándála aige faoi scéim choibhéiseach atá ar bun i dtríú tír nó in eagraíocht idirnáisiúnta, ach amháin má thugann an tríú tír nó an eagraíocht idirnáisiúnta deiseanna cómhalartacha do bhailíochtóirí slándála eitlíochta de chuid an Aontais laistigh dá scéim féin.";

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12.3.1:

"12.3.1 Trealamh ilamharc a bheidh i ngach trealamh a shuiteáiltear ón 1 Eanáir 2023 ar a dhéanaí, atá le húsáid san Aontas chun braitheoireacht a dhéanamh ar lasta agus ar phost, agus ar phost aeriompróra agus ar ábhair aeriompróra atá faoi réir rialuithe slándála i gcomhréir le Caibidil 6.

Féadfaidh an t-údarás iomchuí, ar chúiseanna oibiachtúla, úsáid trealaimh x-ghathaigh aon-amhairc a suiteáladh roimh an 1 Eanáir 2023 a cheadú go dtí na dátaí seo a leanas:

(a) trealamh x-ghathach aon-amhairc a suiteáladh roimh an 1 Eanáir 2016, go dtí an 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí;

(b) trealamh x-ghathach aon-amhairc a suiteáladh ón 1 Eanáir 2016, ar feadh uastréimhse 10 mbliana ó dháta a shuiteála nó ar a dhéanaí go dtí an 31 Nollaig 2027, cibé acu is túisce.

Cuirfidh an t-údarás iomchuí an Coimisiún ar an eolas i gcás ina gcuirfidh sé forálacha an dara mír i bhfeidhm.";

(7) i bpointe 12.4.2.4, cuirtear an abairt seo a leanas isteach i ndiaidh an tábla:

"Ina theannta sin, féadfaidh an t-údarás iomchuí úsáid EDS de chaighdeán 2 a cheadú chun braitheoireacht a dhéanamh ar lasta agus ar phost agus ar phost aeriompróra agus ar ábhair aeriompróra atá faoi réir rialuithe slándála i gcomhréir le Caibidil 6, go dtí an 1 Meán Fómhair 2022 ar a dhéanaí.".